An Luan: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a bhím cneasta agus comhbhách

Nuair a bhaistear sinn, bronntar seacht dtíolactha an Spioraid Naoimh orainn. Bronntar an grásta seo orainn gan cheist, le cabhrú linn bheith ag maireachtáil mar lucht leanúna Íosa, ionas gur féidir linn an Eaglais, sé sin Corp Chríost, a thógáil. Déantar na bronntanais seo a threisiú agus a dhearbhú ionainn ag an gCóineartú. Cabhraíonn na bronntanais linn freagairt a thabhairt ar bheatha an Spioraid Naoimh inár saol, le roghanna maithe a dhéanamh, agus le freastal ar Dhia agus ar dhaoine eile.

Torthaí an Spioraid Naoimh

Nuair a bhímid ag comhoibriú leis na bronntanais agus leis an ngrásta a fhaighimid ón Spiorad Naomh, bímid ag forbairt mar lucht leanúna Íosa. Aithnímid obair an Spioraid Naoimh inár saol sna tréithe maithe agus sa mheon uasal a fhásann ionainn de réir mar a bhíonn forbairt ar dhoimhneacht an chreidimh ionainn. Tugtar torthaí an Spioraid Naoimh ar na dea-cháilíochtaí agus ar an meon seo. Bíonn naoi dtoradh an Spioraid Naoimh mar chomharthaí go bhfuil an Spiorad Naomh beo ionainn, ag cabhrú linn an creideamh Caitliceach a chur i bhfeidhm gach lá dár saol.

Is iad seo na naoi dtoradh:

GRÁ

LÚCHÁIR • SÍOCHÁIN

Foighne

CNEASTACHT

SUÁILCEAS

DÍLSEACHT

MÁNLACHT

Féinsmacht

Nuair a bhímid ag maireachtáil de réir thorthaí an Spioraid Naoimh, bímid mar aghaidh thrócaireach Dé ar domhan

Gníomhaíocht

I mbeirteanna nó i ngrúpaí, roghnaigh ceann de thorthaí an Spioraid Naoimh. Gearr amach pictiúr ó na torthaí thíos agus scríobh bronntanas an Spioraid Naoimh air. Ar chúl, scríobh síos na bealaí ina bhféadfaimis maireachtáil de réir thoradh an Spioraid Naoimh.

Is féidir crann lán de thorthaí an Spioraid Naoimh a chur san Áit Urnaí.



An Mháirt: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhaithim agus nuair a dhéanaim athmhuintearas

Más féidir linn daoine a mhaitheamh agus athmhuintearas a dhéanamh, maidir leis na daoine a ghortaíomar, nó na daoine a chuir isteach orainn, tugaimid léiriú go fíor ar aghaidh thrócaireach Dé. Más féidir linn maithiúnas a thabhairt don duine eile, bímid ag maireachtáil ar nós Íosa. Dúirt sé linn a bheith sásta maithiúnas a thabhairt, agus maithiúnas a lorg chomh maith, nuair a d'inis sé ceann de na scéalta is mó le rá mar pharabal:

An Mac Drabhlásach

Bhí fear ann a raibh beirt mhac aige. Agus dúirt an duine ab óige acu lena athair: 'A athair, tabhair dom an chuid den sealúchas atá ag titim chugam.' Agus roinn sé a mhaoin shaolta eatarthu.

Agus i gcionn beagán laethanta, tar éis don mhac ab óige gach ní a bhailiú le chéile, d'imigh sé ar an gcoigrích go tír i gcéin, agus scaip a shealúchas ansiúd, ag tabhairt a shaoil go drabhlásach.

Nuair a bhí gach aon ní caite aige, tháinig gorta millteach sa tír sin, agus thosaigh sé féin bheith in uireasa. D'imigh sé agus rinne fostú le duine de mhuintir na tíre sin, agus chuir seisean faoina chuid talún é ag aoireacht mhuc. Agus ba é ba mhian leis a bholg a líonadh de na féithleoga a d'itheadh na muca, agus ní thugadh aon duine dó iad.

Ach tháinig sé chuige féin agus dúirt: 'Cá liacht de lucht tuarastail ag m'athair a bhfuil fuílleach aráin acu, agus mise anseo ag fáil bháis den ghorta! Cuirfidh mé chun bóthair agus rachaidh mé chun m'athar agus déarfaidh mé leis: A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm; déan díom mar a bheadh duine de do lucht tuarastail.' Chuir sé chun bóthair ag triall ar a athair.

Ach le linn dó fós bheith i bhfad uaidh, chonaic a athair é agus ghabh trua é, agus rith sé chuige, á chaitheamh féin ar a bhráid agus á mhúchadh le póga.

Dúirt an mac leis: 'A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm.'

Ach dúirt an t-athair lena sheirbhísigh: 'Beirigí amach gan mhoill an éide is uaisle agus cuirigí air í, agus cuirigí fáinne ar a mhéar agus cuaráin ar a chosa, agus tugaigí libh an lao biata agus maraígí é, agus bímis ag ithe agus ag aoibhneas; óir bhí an mac seo agam marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é.' Agus thosaigh siad ag déanamh aoibhnis.

Bhí an mac ba shine aige ar fud na talún, agus nuair a tháinig sé i ngar don teach, chuala an ceol agus an rince. Ghlaoigh sé chuige duine de na giollaí agus d'fhiafraigh de cad é an rud é seo a bhí ar bun. Dúirt seisean leis: 'Do dheartháir a bheith tagtha, agus mharaigh d'athair an lao biata de chionn go bhfuair sé ar ais slán é.'

Ach bhí fearg air agus níorbh áil leis dul isteach. Tháinig a athair amach ag achainí air. Ach dúirt sé lena athair á fhreagairt: 'Féach féin a bhfuilim de bhlianta ag seirbhís duit agus ní dheachaigh mé riamh thar do réir, agus riamh níor thug tú dom mionnán gabhair chun go ndéanfainn aoibhneas le mo chairde. Ach an mac seo agat nuair a tháinig sé, tar éis do mhaoin shaolta a ídiú le striapacha, mharaigh tú an lao biata dó.' Ach dúirt sé leis: 'A mhic, bíonn tusa liom i gcónaí, agus gach a bhfuil agam is leat; ach bhí sé ceart aoibhneas a dhéanamh agus áthas, óir bhí an dearthár seo agat marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é.

An féidir leat cuntas gearr a thabhairt ar theachtaireacht Íosa sa pharabal seo?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

An bhfuil aon pharabal eile ar eolas agat? Déan liosta díobh, agus déan na teachtaireachtaí atá iontu dúinn féin, a phlé!

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

An Déardaoin: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a dhéanaim an ceart is an chóir

Iarrann Dia orainn ...

Nuair a bhímid ag gníomhú mar is cóir, tugaimid cothrom Féinne do chách. Uaireanta tugaimid faoi deara nach bhfuil cothrom Féinne ar fáil d'aicmí áirithe. Tá sé de dhualgas orainne mar lucht leanta Chríost cabhrú leis na daoine a lorgaíonn an ceart, é a fháil dóibh féin.

Bí ag smaoineamh ar dhaoine nó ar ghrúpaí nach bhfaigheann a gcearta, nach bhfuiltear ag déileáil go cothrom leo sa phobal anseo, nó ar fud an domhain.

Cé hiad na daoine nó na grúpaí nach bhfaigheann a gcuid cearta?	Conas agus cén fáth a dtarlaíonn a leithéid?	Conas is féidir leatsa cabhair a thabhairt?	An bhfuil eagras ar bith a éilíonn cearta do na daoine nó do na grúpaí seo?

An Aoine: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhairim ar nós Íosa

Bhronn Íosa na hOcht mBiáide orainn agus é ag seanmóireacht ar an sliabh. Múineann na Biáide, (an meon álainn) dúinn conas maireachtáil de réir bhriathar Dé.

Ocht mBiáide Íosa

"Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad,
óir is leo ríocht na bhflaitheas.

"Is méanar do lucht an dobróin,
óir sólásófar iad.

"Is méanar dóibh seo atá ceansa,
óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.

"Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu,
óir sásófar iad.

"Is méanar do lucht na trócaire,
óir déanfar trócaire orthu.

"Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí,
óir feicfidh siad Dia.

"Is méanar do lucht síochána a dhéanamh,
óir glaofar clann Dé orthu.

"Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht,
óir is leo ríocht na bhflaitheas.

Gníomhaíochtaí

Déan siombail nó 'emoji' a tharraingt in aice le gach Biáide ionas gur féidir leat cuimhneamh orthu. Déan comparáid idir na Biáide agus na Deich nAithne.

Ocht mBiáide Íosa

**“Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad,
óir is leo ríocht na bhflaitheas.**

**“Is méanar do lucht an dobróin,
óir sólásófar iad.**

**“Is méanar dóibh seo atá ceansa,
óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.**

“Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu, óir sásófar iad.

**“Is méanar do lucht na trócaire,
óir déanfar trócaire orthu.**

**“Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí,
óir feicfidh siad Dia.**

**“Is méanar do lucht síochána a dhéanamh,
óir glaofar clann Dé orthu.**

“Is méanar dóibh seo a d’fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.